Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2025/2744

12.5.2025

**CINNEADH Ó BHIÚRÓ PHARLAIMINT NA HEORPA**

**an 5 Bealtaine 2025**

**maidir le Rialacha i ndáil le rochtain ar Pharlaimint na hEorpa**

(C/2025/2744)

TÁ BIÚRÓ PHARLAIMINT NA hEORPA,

- Ag féachaint do na Rialacha Nós Imeachta agus, go háirithe, Riail 25 agus Riail 126 díobh,

- Ag féachaint don reachtaíocht náisiúnta maidir le sábháilteacht agus riosca dóiteáin agus scaoill agus, go háirithe, don reachtaíocht lena rialaítear toilleadh uasta foirgneamh agus suiteálacha,

de bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is institiúid í Parlaimint na hEorpa atá oscailte do na saoránaigh agus tiomanta don trédhearcacht agus ba cheart di leibhéal iomchuí slándála agus sábháilteachta a ráthú d'úsáideoirí uile a háitribh. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh sí in ann na bearta is gá a ghlacadh chun ord a choinneáil ina háitribh uile.

(2) Chun rochtain a thabhairt ar áitribh na Parlaiminte agus rialú ar an rochtain sin a éascú, ba cheart suaitheantas rochtana a sholáthar mar dhoiciméad aitheantais do gach duine a dtugtar rochtain ar áitribh na Parlaiminte dóibh.Leis sin, ba cheart a ionchorprú ann tacar de chearta rochtana atá nasctha leis an gcatagóir úsáideoirí lena mbaineann an sealbhóir, agus tá sé go hiomlán pearsanta agus neamh-inaistrithe.

(3) Tá gá le soiléireacht fheabhsaithe maidir leis an gcáil ina dtugtar rochtain do dhuine ar áitribh na Parlaiminte, ós rud é go bhféadfadh duine a bheith i níos mó ná catagóir amháin úsáideoirí. Tá sé tábhachtach, mar sin, ar chúiseanna deimhneachta dlíthiúla, a áirithiú go dtabharfar rochtain ar bhonn cáil aonair. Níor cheart, da bhrí sin gurbh fhéidir le duine níos mó ná suaitheantas rochtana gníomhaí amháin a bheith aige nó aici ag aon am ar leith.

4) Ba cheart rochtain a éascú do dhaoine a bhfuil nasc gairmiúil díreach nó nasc pearsanta ag na Feisirí leo, amhail a leanaí, a gcéile nó a bpáirtí seasta i gcaidreamh neamhphósta, a bhfuil rochtain rialta ar áitribh na Parlaiminte de dhíth orthu.

(5) Ba cheart an chumhacht a bheith ag an Uachtarán nó, trí tharmligean, ag an Ardrúnaí, rochtain ar áitribh na Parlaiminte a dhiúltú ar feadh tréimhse shonrach ama nuair atá diúltú den sórt sin chun leasa na Parlaiminte, go háirithe i gcás ina bhfuil bonn cirt leis an diúltú sin chun slándáil agus sábháilteacht inmheánach na Parlaiminte a áirithiú nó chun a hord inmheánach a choinneáil. Go háirithe, ba cheart go mbeadh sé de chumhacht acu toirmeasc ar rochtain ar áitribh na Parlaiminte a, ar feadh tréimhse shonrach ama, chuairteoirí nár chomhlíon na rialacha is infheidhme. Ba cheart fad an toirmisc sin ar rochtain a bheith comhréireach le leibhéal neamhchomhlíonadh na rialacha is infheidhme.

(6) Chun slándáil agus sábháilteacht a áirithiú nó chun ord a choinneáil laistigh d'áitribh na Parlaiminte, agus chun a chur ar chumas na Parlaiminte éisteacht a thabhairt don duine lena mbaineann sula nglacfar cinneadh críochnaitheach, ba cheart réamhthoirmeasc ar rochtain ar áitribh na Parlaiminte a bheith indéanta. Ba cheart fad an réamhthoirmisc sin ar rochtain a theorannú do 6 seachtaine agus ba cheart é a bheith indéanta é a bhaint tráth ar bith, trí bhíthin cinneadh ón Uachtarán nó, trí tharmligean, ón Ardrúnaí.

(7) I gcás inar ordaíodh do dhuine áitribh na Parlaiminte a fhágáil, is féidir leas na Parlaiminte a ghabhann le rochtain ar a háitribh a dhiúltiú roimh ré don duine sin a mheas mar leas sáraitheach. Dá bhrí sin, i gcás den sórt sin, ba cheart feidhm dhíreach a bheith ag réamhthoirmeasc ar rochtain de bhun an Chinnidh seo. I gcásanna eile, ba cheart cinneadh a ghlacadh réamhthoirmeasc ar rochtain a fhorchur i gcás ina bhfuil sé sin chun leasa na Parlaiminte,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Raon feidhme**

Rialófar rochtain ar áitribh Pharlaimint na hEorpa leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

**Rochtain ar áitribh Pharlaimint na hEorpa**

1. Beidh ceart buan rochtana ag na Feisirí ar áitribh na Parlaiminte ar feadh a dtéarma oifige. Beidh rochtain den sórt sin acu ar 24 uair an chloig in aghaidh an lae, 7 lá na seachtaine.

2. Beidh ceart buan rochtana ar áitribh na Parlaiminte ag Cúntóirí Parlaiminteacha Creidiúnaithe agus ag oiliúnaithe na bhFeisirí ar áitribh na Parlaiminte ar feadh na tréimhse a leagtar síos ina gconradh.

3. Féadfaidh na Feisirí, ar a bhfreagracht féin, rochtain bhuan ar áitribh na Parlaiminte a iarraidh do sheisear ar a mhéad a bhfuil nasc díreach gairmiúil nó pearsanta acu leo, agus a bhfuil rochtain rialta ar áitribh na Parlaiminte de dhíth orthu.

4. Féadfaidh na Feisirí cuireadh a thabhairt do naonúr ar a mhéad in aghaidh an lae cuairt a thabhairt orthu ar laethanta oibre agus le linn uaireanta oscailte oifige in áitribh na Parlaiminte.

5. Féadfaidh Cathaoirligh na ngrúpaí polaitiúla agus Comhaltaí den Bhiúró cuireadh a thabhairt do 15 dhuine ar a mhéad in aghaidh an lae cuairt a thabhairt orthu ar laethanta oibre agus le linn uaireanta oscailte oifige in áitribh na Parlaiminte.

6. Buailfidh an Feisire a d'eisigh an cuireadh nó Cúntóir Parlaiminteach Creidiúnaithe an Fheisire sin leis na cuairteoirí dá dtagraítear i mír (4) agus i mír (5) ag ceann de na bealaí isteach de chuid na Parlaiminte. Beidh siad á dtionlacan i rith an ama ag an bhFeisire nó ag Cúntóir Parlaiminteach Creidiúnaithe an Fheisire sin ar feadh na tréimhse ar fad a chaitheann siad in áitribh na Parlaiminte.

7. Beidh iar-Fheisirí i dteideal rochtain a fháil, ar bhonn laethúil, ar áitribh na Parlaiminte ar laethanta oibre agus le linn uaireanta oscailte oifige. Féadfaidh Iar-Fheisirí cuireadh a thabhairt dá leanaí, dá gcéile nó dá bpáirtí seasmhach i gcaidreamh neamhphósta a bheith in éineacht leo.

8. Féadfaidh na Caestóirí rialacha cur chun feidhme a leagan síos maidir le socruithe rochtana d'Fheisirí agus d'iar-Fheisirí.

9. Déanfaidh na Caestóirí rialacha a leagan síos maidir le rochtain ar áitribh na Parlaiminte d'ionadaithe sainleasa atá cláraithe sa Chlár Trédhearcachta agus do ghrúpaí cuairteoirí mar a shainítear i gcinneadh ón mBiúró an 16 Nollaig 2002 maidir leis na rialacha lena rialaítear glacadh grúpaí cuairteoirí agus na cláir Euroscola, Euromed-Scola agus Euronest-Scola.

10. Leagfaidh an tArdrúnaí síos rialacha maidir le rochtain ar áitribh na Parlaiminte do gach cineál foirne, ionadaithe na meán agus Feisirí den Chór Taidhleoireachta, agus aon chuairteoirí eile.

11. Forbróidh an tArdrúnaí loga iontrála nua le haghaidh gach duine os cionn 18 mbliana d'aois a thugann cuairt ar áitribh na Parlaiminte, ina luafar dáta, am agus cuspóir na cuairte. Ní bheidh feidhm ag an loga iontrála sin maidir le hiriseoirí creidiúnaithe, comhaltaí agus foireann institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí eile an Aontais.

*Airteagal 3*

**Rochtain ar na carrchlóis**

1. Beidh na Feisirí i dteideal carrchlóis áitribh na Parlaiminte a úsáid i gcomhréir leis an gCinneadh ón mBiúró an 2 Bealtaine 2022 maidir leis na rialacha páirceála d'Fheisirí i bParlaimint na hEorpa.

2. Beidh catagóirí eile úsáideoirí i dteideal carrchlóis áitribh na Parlaiminte a úsáid i gcomhréir leis na rialacha inmheánacha maidir le páirceáil sa Pharlaimint arna n-eisiúint ag an Ardrúnaí.

3. Féadfaidh na Caestóirí rialacha cur chun feidhme a leagan síos maidir le rochtain ar charrchlóis d'Fheisirí agus d'iar-Fheisirí.

*Airteagal 4*

**Suaitheantas rochtana**

1. Is éard is suaitheantas rochtana ann doiciméad aitheantais ina bhfuil tacar áirithe de chearta rochtana ar áitribh na Parlaiminte. Sannfar na cearta rochtana sin ar bhonn na catagóire úsáideora lena mbaineann an sealbhóir.

2. Ní bheidh duine i dteideal ach suaitheantas rochtana gníomhach amháin a bheith aige nó aici le linn aon tréimhse ar leith.

3. Tá an suaitheantas rochtana iomlán pearsanta agus neamh-inaistrithe. Ní bhainfidh an sealbhóir úsáid as chun rochtain ar áitribh na Parlaiminte a thabhairt do dhaoine eile.

4. Ceanglófar ar gach duine a fhaigheann rochtain ar áitribh na Parlaiminte na suaitheantais rochtana a chaitheamh go feiceálach ar feadh na tréimhse iomláine a chaitheann siad in áitribh na Parlaiminte.

5. Is é an té atá ainmnithe ar an suaitheantas rochtana an té atá freagrach as an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as. Maoin na Parlaiminte a bheidh sna suaitheantais rochtana i gcónaí. Tabharfaidh sealbhóirí an suaitheantas ar ais a luaithe nach gcomhlíonfaidh sé a thuilleadh na critéir ar ar a mbonn a eisíodh é. Déanfaidh na sealbhóirí caillteanas nó goid na suaitheantas rochtana sin a thuairisciú do sheirbhísí inniúla na Parlaiminte freisin.

6. Leagfaidh an tArdrúnaí síos bearta cur chun feidhme maidir le dearadh agus gnéithe teicniúla na suaitheantas rochtana. Féadfaidh an tArdrúnaí an chumhacht sin a tharmligean chuig an Ard-Stiúrthóir um Shlándáil agus Sábháilteacht.

*Airteagal 5*

**Rochtain ar limistéir ar leith**

1. Déanfaidh na Caestóirí ainmniú na limistéar ar leith a chuirfear i leataobh d'Fheisirí a chinneadh.

2. Féadfaidh rochtain ar réimsí eile seachas na cinn dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a bheith faoi réir forálacha sonracha arna nglacadh le cinneadh ón Ardrúnaí.

*Airteagal 6*

**Slándáil agus sábháilteacht**

1. Sa mhéid nach bhfuil foráil shonrach sa Chinneadh seo n ná sna rialacha lena rialaítear slándáil agus sábháilteacht i bParlaimint na hEorpa ([1]) (Cinneadh ón mBiúró an 15 Eanáir 2018), cuirfidh an Pharlaimint i bhfeidhm ina háitribh na rialacháin lena rialaítear slándáil agus sábháilteacht an Bhallstáit ina bhfuil siad lonnaithe, agus go háirithe na rialacháin sin lena rialaítear sábháilteacht dóiteáin.

2. Nuair is ann do staid riosca shonrach, déanfaidh an tUachtarán, ar thogra ón Ardrúnaí, coigeartú ar leibhéal na staide foláirimh, a bhféadfaidh srianta rochtana a bheith ag gabháil leis, i gcomhréir le hAirteagail 12 go 14 den Chinneadh ón mBiúró an 15 Eanáir 2018.

3. Féadfaidh an tArdrúnaí bearta cur chun feidhme a ghlacadh faoi threoir mhíreanna 1 agus 2 den Airteagal seo i gcomhréir leis an mbeartas slándála agus sábháilteachta arna chinneadh ag an mBiúró.

*Airteagal 7*

**Cásanna eisceachtúla**

1. D'ainneoin rialacha eile is infheidhme, féadfaidh an tUachtarán rochtain ar áitribh na Parlaiminte a dheonú nó a dhiúltiú, i gcás ina bhfuil údar leis sin ar bhonn imthosca urghnácha amhail dá dtagraítear i Riail 244 de Rialacha Nós Imeachta na Parlaiminte nó ar bhonn leasanna na Parlaiminte. Go háirithe, féadfaidh an tUachtarán rochtain ar áitribh na Parlaiminte a dhiúltú i gcás ina bhfuil údar leis sin d'fhonn, inter alia, slándáil agus sábháilteacht inmheánach na Parlaiminte a áirithiú nó a hord inmheánach a choinneáil.

([1]) Cinneadh ó Bhiúro Pharlaimint na hEorpa an 15 Eanáir 2018 maidir le Rialacha lena rialaítear slándáil agus sábhailteacht i bParlimint na hEorpa (IO C 79, 2.3.2018, lch. 3).

Sula nglacfar cinneadh de bhun na chéad fomhíre, féadfaidh an tUachtarán cinneadh a ghlacadh lena gcuirtear réamhthoirmeasc ar rochtain ar áitribh na Parlaiminte i leith an duine lena mbaineann.

2. Aon duine ar ordaíodh dó nó di áitreabh na Parlaiminte a fhágáil, cuirfear réamhthoirmeasc air nó uirthi rochtain a fháil ar áitribh na Parlaiminte go dtí:

(a) go nglacfaidh an tUachtarán cinneadh rochtain ar áitribh na Parlaiminte a thoirmeasc i leith an duine sin, de bhun na chéad fhomhíre de mhír 1;

(b) go nglacfaidh an tUachtarán cinneadh lena mbainfear an réamhtoirmeasc ar rochtain i leith an duine sin; nó

(c) go bhfuil tréimhse sé sheachtain caite, dar tosach an lá a ordaíodh don duine sin áitribh na Parlaiminte a fhágáil.

3. Féadfaidh an tUachtarán na cumhachtaí faoi mhíreanna 1 agus 2 den Airteagal seo a tharmligean chuig an Ardrúnaí.

*Airteagal 8*

**Mainneachtain an Cinneadh seo a chomhlíonadh**

1. Mura gcomhlíonann Feisire an Cinneadh seo, féadfar feidhm a bheith ag Riail 183 de na Rialacha Nós Imeachta.

2. Má mhainníonn iar-Fheisire an Cinneadh seo a chomhlíonadh, beidh feidhm ag Airteagal 7 de Chinneadh ón mBiúró an 17 Aibreán 2023 maidir le hiar-Fheisirí.

3. Má mhainníonn duine seachas Feisire nó iar-Fheisire an Cinneadh seo a chomhlíonadh, féadfar iad a dhíbirt ó áitribh na Parlaiminte, agus Cinneadh ón mBiúró an 15 Eanáir 2018 á chur i bhfeidhm, agus féadfaidh an tArdrúnaí a chinneadh an suaitheantas rochtana a tharraingt siar ón duine sin.

*Airteagal 9*

**Aisghairm**

Leis an gCinneadh seo, aisghairfear agus ionadaítear Cinneadh ón mBiúró an 8 Bealtaine 2023 maidir le Rialacha i ndáil le rochtain ar Pharlaimint na hEorpa.

*Airteagal 10*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.